
# Snáithe B:

# Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise (GFGBanna)

Is creatlach ionduchtaithe chomhtháite do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna) í an próiseas Droichead. Tá dhá shnáithe i gceist leis - Snáithe A agus Snáithe B. Má táthar ag iarraidh an próiseas Droichead a chur i gcrích go rathúil, ní mór aghaidh a thabhairt ar an dá shnáithe: ionduchtú scoilbhunaithe (Snáithe A) agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B).




Baineann Snáithe B le gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise, in arb éigean freastal ar chnuaschruinnithe do MNCanna. Chomh maith leis na cnuaschruinnithe, ba cheart do MNCanna atá ag tabhairt faoin bpróiseas Droichead dul i ngleic le gníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile, a shainaithnítear de réir a riachtanais foghlama gairmiúla agus i gcomhairle lena bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG). I measc na ngnáthghníomhaíochtaí foghlama a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí (cumainn ábhair), gníomhaíocht foghlama ar líne/cumaisc, freastal ar chomhdháil, rannphairtíocht i gceardlann, Grúpa Tacaíochta Gairmiúla srl.

Ní chomhlíontar an riachtanas maidir le Gníomhaíocht Foghlama Ghairmiúil Eile, de réir na Comhairle Múinteoireachta, dá bhfreastalófaí ar imeacht lánlae dúnadh scoile (e.g. Eispéaras Foghlama Gairmiúla Scoil Uile a bhaineann le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí).

Cuireann an Rannán Ionduchtúcháin Droichead ceardlanna ionduchtúcháin ar líne ar fáil do MNCanna, mar atá, ceardlanna Bunscoile, Iar-bhunscoile agus Trasearnála.





cc BY NC

Féadann gach MNC páirt a ghlacadh i gceardlanna ionduchtúcháin chun cabhrú lena bhfoghlaim ghairmiúil. Cé nach cuid riachtanach de phróiseas Droichead iad, úsáideann mórchuid MNCanna iad mar ghníomhaíocht foghlama ghairmiúil. Cláraigh le do thoil le haghaidh ceardlann ar líne trí onlinelearning.teacherinduction.ie.

Beidh ar MNCanna teideal, dáta agus fad na gníomhaíochta foghlama gairmiúla a thaifeadadh ar Fhoirm D. Thig le MNCanna Foirm D a chomhlánú ach logáil isteach ar an tairseach Mo Chlárú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.